North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

PÁIPÉAR CATT LAN 2 (11) JC

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

CRUINNIÚ RANNACH AN FHORAIS TEANGA

OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT CATT

ARD MHACHA

12 DEIREADH FÓMHAIR 2011

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an tríú cruinniú rannach déag d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) in Ard Mhacha an 12 Deireadh Fómhair 2011. Bhí Carál Ní Chuilín, MLA, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Jimmy Deenihan, TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Dinny McGinley, TD, Aire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as Gnóthaí Gaeltachta agus Jonathan Bell, MLA, Aire Sóisearach in OCALCA, i láthair ag an gcruinniú. Ba í an tAire Ní Chuilín cathaoirleach an chruinnithe.

2. Rinneadh plé ag an gcruinniú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Tha Boord o Ulstèr-Scotch agus Foras na Gaeilge.

TUARASCÁIL AN FHORAIS TEANGA AR DHUL CHUN CINN

3. Fuair an Chomhairle tuarascálacha ó Fhoras na Gaeilge agus ó Tha Boord o Ulstèr-Scotch ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le hobair chomhoibríoch agus gníomhaíochtaí eile de chuid an dá ghníomhaireacht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- rinneadh forbairt bhreise ar an tsraith léachtaí '*Aspects of our Shared Heritage*' chun léacht nua a chur ar fáil faoi stair na dteangacha, ina bpléitear Imeacht na nIarlaí, Plandáil Uladh agus tionchar teangeolaíoch na n-imeachtaí sin;

- i gcomhar leis an *Lyric Theatre* agus le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, léiríodh dráma, a bhuaigh duais, faoi obair sna muilte;

- cuireadh seastáin eolais chomhpháirteacha ar fáil ag Fleadh Cheoil na hÉireann, Seó Talmhaíochta Chaisleán Uidhilín, Lá Spraoi Teaghlaigh Stormont agus Corn Domhanda Boccia, agus táthar i mbun ullmhúchán le haghaidh taispeántas cultúrtha comhpháirteach i mBéal Feirste chun tacú le heamhnú Lios Tuathail, Co. Chiarraí agus Dún Pádraig, Co. an Dúin;

- roinneadh saineolas agus acmhainní chun déileáil le raon saincheisteanna corparáideacha agus acmhainní daonna;

- chuir Foras na Gaeilge an córas creidiúnaithe d'eagarthóirí i bhfeidhm, lenar áiríodh sainoiliúint a chur ar fáil agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar an mbunachar téarmaí náisiúnta (www.focal.ie); agus

- chuir Tha Boord o Ulstèr-Scotch ranganna ceoil/damhsa ar fáil do bhreis agus 8,000 rannpháirtí trí chlár na múinteoirí cuairte, agus reáchtáladh 31 scéim samhraidh Ultach-Albanacha.

PLEANANNA CORPARÁIDEACHA AGUS GNÓ AGUS BUISÉID

4. Phlé an Chomhairle an dul chun cinn ar Phlean Corparáideach an Fhorais Teanga do 2011 – 2013 agus ar Phlean Gnó agus Buiséad an Fhorais Teanga do 2011.

5. Nótáil na hAirí go ndearnadh dréacht-Phleananna Gnó 2012 Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch a ullmhú le fócas ar phríomhthosaíochtaí gach Gníomhaireachta faoi seach. Táthar ag fanacht le faomhadh na ndréacht-phleananna ag na Boird faoi seach sula gcuirfear faoi bhráid na Ranna Urraíochta agus na Ranna Airgeadais iad lena bhfaomhadh. Cuirfear na

pleananna críochnaithe faoi bhráid CATT lena bhfaomhadh ag cruinniú amach anseo.

TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AGUS CUNTAIS AN FHORAIS TEANGA

6. Nótáil an CATT gur cuireadh Tuarascáil Bhliantúil agus Dréacht-Chuntais 2008 faoi bhráid na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste sa dá dhlínse agus cuirfear faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus dhá Theach an Oireachtais iad chomh luath agus is féidir ach iad a bheith creidiúnaithe agus comhdhlúite.

7. Nótáil na hAirí freisin gur cuireadh críoch le hobair iniúchta allamuigh i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2009 agus déanfar iad a chomhdhlúthú chomh luath agus is féidir. Rinneadh dréacht-chuntais a chomhdú i dtaca leis an mbliain 2010 agus táthar ag feitheamh le dátaí ó na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste i ndáil le hobair iniúchta allamuigh.

8. Nótáil na hAirí chomh maith go dtabharfar próiseas comhdhlúthúcháin nua atá níos simplí isteach faoi réir fhaomhadh na Ranna Airgeadais. Tabharfar tuarascáil eile ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis na ceisteanna seo ag an gcéad chruinniú eile d'Fhoras Teanga CATT.

FORAS NA GAEILGE - SÍNEADH LE CONRADH AN POF

9. Nótáil an CATT gur chuir Bord Fhoras na Gaeilge síneadh de thréimhse 5 bliana eile le conradh POF Fhoras na Gaeilge, Ferdie Mac an Fhailigh.

FORAS NA GAEILGE - ATHBHREITHNIÚ AR EAGRAÍOCHTAÍ BUNMHAOINITHE

10. Nótáil na hAirí an dul chun cinn atá déanta ag Foras na Gaeilge go dtí seo i ndáil le punann dréacht-scéimeanna a ullmhú don tsamhail mhaoinithe iomaíoch nua, a bhfuil sé mar sprioc aici tairbhí suntasacha luach ar airgead a bhaint amach agus dualgais reachtúla Fhoras na Gaeilge a chomhlíonadh go héifeachtach.

11. Tar éis an dul chun cinn seo a thabhairt faoi bhráid, d'iarr an CATT ar Fhoras na Gaeilge an méid seo leanas a dhéanamh:

    a) Tréimhse bhreise chomhairliúcháin 12 seachtain a chur ar fáil i ndáil le punann na ndreácht-scéimeanna, go háirithe leis na heagraíochtaí bunmhaoinithe,;

    b) a chinntiú go dtabharfar deis do chomhlachtaí reachtúla bainteacha an tionchar a bheidh ag na dréacht-scéimeanna ar a réimsí feidhmiúcháin a bhreithniú;

    c) an punann dréacht-scéimeanna a leasú de réir mar is gá agus mar is cuí, ag féachaint don phróiseas comhairliúcháin leathnaithe;

d) cás gnó mionsonraithe a ullmhú, le cúnamh neamhspleách más gá, chun tacú le punann na ndréacht-scéimeanna; agus

e) plean tionscadail athbhreithnithe a ullmhú, i gcomhar leis na Ranna Urraíochta, a thabharfaidh aird mar is cuí ar chur i gcrích an phróisis athbhreithnithe mar bheart práinne.

12. D'aontaigh CATT go ndéanfaí Ordú ag an am cuí faoi alt 28(2) (b) den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 (Uimh. 1 de 1999) chun an tagairt do na heagraíochtaí atá liostaithe sa tábla sa mhír seo a bhaint.

13. D’iarr na hAirí tuarascáil eile ar an dul chun cinn atá déanta ag an gcéad chruinniú eile d'Fhoras Teanga CATT.

FORAS NA GAEILGE - ATHBHREITHNIÚ AR ÁIS

14. Nótáil an CATT gur cuireadh an t-athbhreithniú ar Áis, seirbhís dáileacháin leabhar Fhoras na Gaeilge, i gcrích agus d’iarr siad ar Fhoras na Gaeilge agus ar na Ranna Urraíochta plean forfheidhmithe mionsonraithe i ndáil leis na moltaí atá san athbhreithniú ar Áis a chomhaontú agus tuarascáil a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ag an gcéad chruinniú eile d'Fhoras Teanga CATT.

DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

15. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga i mí Feabhra 2012.

An Chomhrúnaíocht

12 Deireadh Fómhair 2011